Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**14963/23**

**CDR 173**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar beirt chomhaltaí agus ceathrar comhaltaí malartacha, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún<br>– Glacadh |

1. I litreacha dar dáta an 18 Iúil 2023 agus an 24 Deireadh Fómhair 2023[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis na sainorduithe náisiúnta ar dá mbun a moladh Francesca Lluch ARMENGOL i SOCIAS agus Francisco Javier LAMBÁN MONTAÑÉS, comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus a ceapadh iad.

2. I litreacha dar dáta an 18 Iúil 2023, an 28 Iúil 2023 agus an 14 Samhain 2023[2], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Francisco Celso GONZÁLEZ GONZÁLEZ, José Francisco HERRERA ANTONAYA, Julián José ZAFRA DÍAZ agus Maria Teresa PÉREZ ESTEBAN, comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus a ceapadh iad.

3. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 12171/23 agus 14739/23.
[2] 12171/23, 12271/23 agus 15424/23.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun críoch a n-ionadaithe, mhol Rialtas na Spáinne[3] na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlacht réigiúnach iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Jorge Antonio AZCÓN NAVARRO, *Presidente de la Comunidad Autónoma de Aragón* (Uachtarán Phobal Féinrialaitheach Aragón) agus Margarita PROHENS RIGO, *Presidenta del Gobierno de las Illes Balears* (Uachtarán Rialtas na nOileán Bailéarach).

4. Ina theannta sin, mhol Rialtas na Spáinne[4] na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlacht réigiúnach iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Celia ALBERTO PÉREZ, *Directora General de Asuntos Europeos del Gobierno de Canarias* (Ard Stiúrthóir um Ghnóthaí Eorpacha, Rialtas na nOileán Canárach), Esther HERRANZ GARCÍA, *Directora General de Fondos y Relaciones con la Unión Europea del Gobierno de La Rioja* (Ard-Stiúrthóir um Chistí agus um Chaidreamh leis an Aontas Eorpach, Rialtas La Rioja), Tomasa HERNÁNDEZ MARTÍN, *Consejera de Presidencia, Interior y Cultura, Gobierno de Aragón* (Aire Réigiúnach a bhfuil cúraimí na hUachtaránachta, na nGnóthaí Baile agus an Chultúir uirthi, Rialtas Aragon), agus Cristina MENÉNDEZ ÁLVAREZ, *Directora General de Cooperación con el Estado y la Unión Europea, Comunidad de Madrid* (Ard-Stiúrthóir um Chomhar leis an Stát agus leis an Aontas Eorpach, Pobal Mhaidrid).

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe</u>, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 14952/23 é, agus a mholadh don <u>Chomhairle</u> an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[3] 14828/23 agus 15425/23.

[4] 14828/23, 15425/23, agus 15426/23.